Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Meitheamh 2024 (OR. en)**

**11521/24**

**FIN 607**
**GAF 25**
**AGRI 537**
**COH 44**
**EMPL 307**
**RECH 323**
**RELEX 898**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| An: | 25 Meitheamh 2024 |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/ an Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11001/24 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 07/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: Córais an Choimisiúin chun caiteachas neamhrialta an Aontais a aisghabháil – An cumas téarnamh níos mó agus níos tapúla<br>– Conclúidí ón gComhairle (an 25 Meitheamh 2024) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 07/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *The Commission'systemes for recovering irregular EU expenditure – Potential to recovery more and faster* [Córais an Choimisiúin chun caiteachas neamhrialta an Aontais a aisghabháil – An cumas téarnamh níos mó agus níos tapúla], a d'fhormheas an Chomhairle (Gnóthaí Ginearálta) ag an 4039ú cruinniú a bhí aici an 25 Meitheamh 2024.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 07/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: Córais an Choimisiúin chun caiteachas neamhrialta an Aontais a aisghabháil - An cumas téarnamh níos mó agus níos tapúla**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI tuarascáil speisialta Uimh. 7/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (dá ngairtear 'an Chúirt' anseo feasta) mar aon le freagraí an Choimisiúin ar an Tuarascáil;

2. AITHNÍONN SÍ go bhfuil sé ríthábhachtach córais éifeachtacha a fhorbairt chun bainistiú agus faireachán a dhéanamh ar chaiteachas neamhrialta arna thabhú ag tairbhithe chistí an Aontais chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint;

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an tuarascáil ón gCúirt, go háirithe an méid seo a leanas:

   - go ndéanfaidh an Coimisiún caiteachas neamhrialta a thaifeadadh go cruinn agus go pras faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach; mar sin féin, tá moilleanna fada sa phróiseas téarnaimh a d'fhéadfadh an bonn a bhaint d'éifeachtacht chur chun feidhme na n-iniúchtaí agus d'aisghabháil cistí;

   - nach leantar an méid céanna de chaiteachas neamhrialta sistéamach i ngníomhaíochtaí seachtracha agus a leantar i mbeartais inmheánacha;

   - faoi bhainistíocht chomhroinnte, tá an Coimisiún freagrach as faireachán a dhéanamh ar chórais na mBallstát chun caiteachas neamhrialta sa talmhaíocht a thaifeadadh agus a aisghabháil, agus i gcás an chomhtháthaithe, is ar na Ballstáit atá an príomhról agus an phríomhfhreagracht;

   - ní i gcónaí a bhíonn na sonraí a fhoilsíonn an Coimisiún maidir le caiteachas neamhrialta iomlán agus comhsheasmhach;

   - go bhfuil córais an Choimisiúin chun bainistiú agus faireachán a dhéanamh ar chaiteachas neamhrialta éifeachtach i bpáirt;

4. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé caiteachas neamhrialta a aisghabháil go héifeachtach chun buiséad an Aontais a chosaint agus chun bac a chur ar ghníomhaíochtaí neamhrialta breise, agus freagracht an Choimisiúin sa phróiseas sin maidir le bainistíocht dhíreach, indíreach agus go pointe áirithe maidir le cistí talmhaíochta an Aontais;

5. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur ghlac an Coimisiún le moltaí uile na Cúirte, cé nár ghlac sé ach go páirteach, agus AONTAÍONN SÍ, A BHEAG NÓ A MHÓR, le freagraí an Choimisiúin ar na torthaí agus ar na moltaí a áirítear sa tuarascáil ón gCúirt;

6. Agus moltaí na Cúirte á gcur san áireamh aici, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid a leanas a dhéanamh:

- próisis a fheabhsú a thuilleadh, lena n-áirítear tríd an treoir atá ar fáil cheana féin, chun moilleanna a ghiorrú maidir le méideanna is infhaighte a bhunú, orduithe aisghabhála a eisiúint agus obair leantach a dhéanamh ar aisghabhálacha i modhanna bainistíochta díreacha agus indíreacha, agus trí thoradh imscrúduithe arna ndéanamh ag OLAF agus OIPE a chur san áireamh freisin;

- feabhas a chur ar thaifeadadh agus ar uainiú an chaiteachais neamhrialta i ngníomhaíochtaí seachtracha trí scrúdú a dhéanamh ar thionchar airgeadais neamhrialtachtaí sistéamacha, agus athbhreithniú á dhéanamh ag an am céanna ar nósanna imeachta iniúchóireachta agus ar phleanáil, i gcomhar le heagraíochtaí comhpháirtíochta;

- leanúint de chorrlaigh bhreise a shainaithint leis na Ballstáit chun feabhas a chur ar chórais rialaithe chistí talmhaíochta an Aontais, d'fhonn na rátaí téarnaimh do chaiteachas neamhrialta a mhéadú agus a chomhchuibhiú. Leis na réitigh agus an treoir atá beartaithe, ba cheart ualach breise riaracháin a sheachaint, na difríochtaí i gcórais rialaithe, i rialacha agus i nósanna imeachta náisiúnta ar fud na mBallstát a mheas, chomh maith le rannpháirtíocht na gcomhlachtaí náisiúnta éagsúla sa phróiseas téarnaimh;

- trédhearcacht a fheabhsú, trí thuairisciú cuimsitheach a sholáthar lena n-áirítear caiteachas neamhrialta a suíodh le linn na bliana le haghaidh na bhfigiúirí atá ar fáil agus na mbeart ceartaitheach a rinneadh, agus trí shonraí níos comhsheasmhaí a chur i láthair ar féidir comhthacú leo.